**RABHADH**
**Ní MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

## DÉARDAOIN 12 MEITHEAMH 2014 - MAIDIN 9.30 - 12.30

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar seo a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
**agus** ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 1
## (80 marc)
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do phobal áitiúil a bhaineann le gnó áitiúil.

(i) ____________________________________________

____________________________________________

(ii) ____________________________________________

____________________________________________

**2.** Is liosta de *théarmaí gnó* atá i gcolún 1. Is liosta de *mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith* ar na téarmaí gnó sin atá i gcolún 2. (*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí gnó.*)

| Colún 1 – Téarmaí Gnó | Colún 2 – Míniúcháin |
|---|---|
| **1.** Giniúint Smaointe | **A.** Baineann sé le sampla nó 'samhail' de tháirge a fhorbairt. |
| **2.** Forbairt Coincheapa | **B.** Modh amháin a mbaintear feidhm as is ea an ransú smaointe. |
| **3.** Seoladh Táirge | **C.** Déantar é seo chun a fháil amach an bhféadfaí brabús a dhéanamh ar tháirge. |
| **4.** Forbairt Fréamhshamhla | **D.** Cuirtear an táirge ar fáil don mhargadh. |
| **5.** Staidéar Indéantachta | **E.** Déantar smaointe do-oibrithe a chur ar leataobh. |
| | **F.** Déantar Gné Uathúil Dhíolacháin (USP) a aithint. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**3.** 'Tá sé mar sprioc ag an *Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO)* cosantas a laghdú agus saorthrádáil a cheadú.'
Léirigh do thuiscint ar an téarma a bhfuil líne faoi.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag 'Ábhar Sonraí' faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

(i)________________________________________

________________________________________

(ii) ________________________________________

________________________________________

**5.** (a) Mínigh an téarma 'ráta úis'.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh rátaí ísle úis dul i bhfeidhm ar ghnóthais Éireannacha ó thaobh na heacnamaíochta de.

(i) ________________________________________

________________________________________

(ii) ________________________________________

________________________________________

**6.** I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?
Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil.

| | |
|---|---|
| **IDE (*FDI*)** | |
| **BAD (*HRM*)** | |
| **MSU (*USC*)** | |
| **BCE (*ECB*)** | |
| **CGC (*CGT*)** | |

**7.** (a) Ainmnigh stíl cheannaireachta **amháin**. ____________________________

(b) Léirigh conas a d'fhéadfadh bainisteoir a leanfadh an stíl cheannaireachta **sin** próiseas an athraithe sa ghnó a bhainistiú.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais.

(i)______________________________________________________

________________________________________________________

(ii)______________________________________________________

________________________________________________________

**9** Léirigh an difríocht idir 'comhaontas straitéiseach' agus 'táthcheangal' mar mhodhanna chun gnó a leathnú.

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

**10.** Chuir Canon Teo. an fhaisnéis seo a leanas ar fáil.

- Aschur Réamhaisnéisithe (Díolacháin) 60,000 aonad
- Costais Sheasta €48,000
- Praghas díola €5 an t-aonad
- Costais athraitheacha €2 an t-aonad

(**Taispeáin do chuid oibrithe**)

> Bain úsáid as an eolas a thugtar agus **ríomh** iad seo a leanas:
> (a) Ioncam Iomlán ar an aschur réamhaisnéisithe
> (b) Costais Iomlána táirgeachta ar an aschur réamhaisnéisithe
> (c) Brabús ar an aschur réamhaisnéisithe
> (d) Pointe meá ar mheá **ina aonaid**.
>
> (Cuir do fhreagraí sa Bhosca Freagraí thíos)

**Bosca Freagraí**

| | **Oibrithe** | **Freagra** |
|---|---|---|
| (a) Ioncam Iomlán ar an aschur réamhaisnéisithe | | **€** |
| (b) Costais Iomlána táirgeachta ar an aschur réamhaisnéisithe | | **€** |
| (c) Brabús ar an aschur réamhaisnéisithe | | **€** |
| (d) Pointe meá ar mheá **ina aonaid**<br><br>(Ní gá cairt mheá ar mheá a tharraingt) | | **Aonaid** |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 2
**(80 marc)**
**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 1, 2, agus 3**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

## *Surfáil an Atlantaigh*



Is é Shay Ó Dochartaigh, arb as Baile Somair ó dhúchas é, úinéir *Shurfáil an Atlantaigh*, scoil surfála atá suite ar bhruach na farraige ag trá Bhaile Somair i gContae Dhún na nGall. In 2008 bhí Shay ag baint taitnimh as an saol san Astráil agus ag cur barr feabhais ar a chuid scileanna surfála sna tonnta móra nuair a léigh sé alt sa 'National Geographic' ag cur síos ar ardchaighdeán na tonnta ollmhóra a raibh lucht surfála ag teacht orthu ar chósta thiar na hÉireann. Mar thoradh ar an spreagadh a fuair sé ón alt agus de bhrí gur mhian leis riamh a ghnó féin a bheith aige, chinn sé ar fhilleadh abhaile ón Astráil in 2008 chun *Surfáil an Atlantaigh* a bhunú. Bhí Shay tar éis cúrsaí gnó a thriail roimhe sin ach theip air. Thuig sé gur ghá dó roinnt taighde margaidh a dhéanamh agus gur theastaigh cúnamh uaidh leis an bhfiontar seo. Chuaigh Shay i dteagmháil le Cumann Surfála na hÉireann (*ISA*) agus fuair sé comhairle luachmhar maidir le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, maidir le conas líonrú agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le bheith ar an nGréasán. D'ullmhaigh sé plean gnó agus fuair sé deontas tionscnaimh gnó €10,000 ó Bhord Fiontar Chontae Dhún na nGall. D'úsáid sé an deontas chomh maith le €30,000 a shábháil sé agus é ag obair san Astráil chun *Surfáil an Atlantaigh*, scoil surfála atá faofa ag an *ISA*, a bhunú.

Thuig Shay ón tús go mbeadh an suíomh ar na nithe ba thábhachtaí a chuirfeadh le rath an ghnó. Agus é ag lorg eolais faoi shuímh réadmhaoine chonaic sé ionad oiriúnach miondíola ar bhruach na farraige i mBaile Somair. Fógraíodh go raibh an t-ionad ar fáil le húsáid láithreach ar cíos €10,000 sa bhliain. Cheap Shay go bhféadfaí margadh níos fearr a dhéanamh mar gheall ar chúinsí eacnamaíochta ag an am agus an titim mhór a bhí tagtha ar phraghsanna réadmhaoine i mBaile Somair. Chuir sé glaoch gutháin ar an tiarna talún agus mhol praghas €7,500 a bheadh níos réalaíche. Diúltaíodh don phraghas sin agus chuaigh an dá pháirtí i mbun idirbheartaíochta ag iarraidh conradh dleathach a chur i gcrích. In Aibreán na bliana 2009, díreach sula raibh ocht mbliana fichead slánaithe aige, bhí lúcháir ar Shay nuair a dúirt an tiarna talún go ligfeadh sé leis é ar chíos €8,000 sa bhliain. Fuair Shay seilbh ar an bhfoirgneamh agus d'íoc sé na €8,000 leis an tiarna talún. Síníodh na doiciméid riachtanacha don chíos in oifig an aturnae in am do shéasúr gnóthach surfála an tsamhraidh.

Shocraigh Shay 'ionad ilfhreastail surfála' a oscailt san fhoirgneamh a bhí ar cíos aige agus cheap sé Karen, seaimpín surfála, mar bhainisteoir air. Díolann an siopa earraí ardchaighdeáin mar chultacha uisce, tonnchláir, trealamh do shurfáil eitleoige agus éadach trá a bhfuil branda *Shurfáil an Atlantaigh* air. Chomh maith leis sin, ligeann sé cultacha uisce agus tonnchláir amach ar cíos. Bhí sé mar pholasaí ag Karen ón tús gan ach díolacháin ar airgead síos a dhéanamh le custaiméirí. Shocraigh sí tréimhse chreidmheasa 30 lá le soláthraithe. Cé go raibh sí an-sásta leis an láimhdeachas ard stoic i gcás na n-éadaí trá a raibh branda *Shurfáil an Atlantaigh* orthu, bhí imní uirthi mar thaispeáin an stocáireamh bliantúil go raibh cuid mhaith den trealamh do shurfáil eitleoige gan díol fós. Chun cuidiú le sreabhadh an airgid, bheartaigh Karen an suíomh gréasáin a úsáid chun aird a tharraingt ar thairiscintí mar *6 cheacht surfála ar phraghas 5 cinn* ach íocaíocht a dhéanamh roimh ré. Creideann Karen go bhfuil an-bhaint ag forbairt ardchaighdeáin leis an rath i gcúrsaí gnó agus tá súil aici iarratas a dhéanamh ar Theastas Ardchaighdeáin go luath.

**(A)** Léirigh cad is ciall le bheith i d'fhiontraí agus tagairt agat do *Shurfáil an Atlantaigh*. (20 marc)

**(B)** 'Ní mór **eilimintí riachtanacha áirithe** a bheith ann chun go mbeidh conradh in-fheidhmithe de réir dlí.' Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt agat don fhoirgneamh a bheith ar cíos ag Shay Ó Dochartaigh ar son *Surfáil an Atlantaigh*. (30 marc)

**(C)** Déan measúnú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe bainistíochta atá i bhfeidhm ag *Surfáil an Atlantaigh*. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

## Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

**(A)**

Is éard is cuspóir don Acht Caidrimh Thionscail 1990 creat níos fearr a chur ar fáil chun caidreamh tionsclaíoch a reáchtáil agus chun díospóidí a réiteach.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a bhféadfadh díospóidí tionsclaíocha sa ghnó a bheith mar thoradh orthu.
(ii) Déan plé ar **dhá** shórt gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun díospóid thionsclaíoch le fostóirí. (25 marc)

**(B)** Déan cur síos ar an ról atá ag aon **dá** 'Ghrúpa Sainleasa' i gcúrsaí gnó. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas **ar na cearta dlíthiúla atá ag tomhaltóir** faoin *Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980* agus tagairt agat d'aon **trí** cinn díobh seo a leanas:
(i) Cáilíocht Inmhargaidh
(ii) Ráthaíochtaí
(iii) Comharthaí ag teorannú chearta an tomhaltóra
(iv) Earraí gan Iarraidh.

(20 marc)
**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin atá ann do gheilleagar na hÉireann fiontair atá faoi úinéireacht an stáit a phríobháidiú. (20 marc)

**(B)** *'Tá breis agus 315 córas saincheadúnais gníomhach in Éirinn faoi láthair, agus tá breis agus 42,000 duine fostaithe acu.'* (Cumann Saincheadúnais na hÉireann, 2013)

Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhféadfadh duine a bheadh ag iarraidh gnó a oscailt, múnla gnó an tsaincheadúnais a roghnú. (20 marc)

**(C)** Déan plé ar an ról atá ag an Údarás Forbartha Tionscail (IDA Ireland) **agus** ag Fiontraíocht Éireann i bhforbairt gheilleagar na hÉireann faoi láthair. (20 marc)
**(60 marc)**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

### Ceist 3

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'gnó domhanda'.
(ii) Déan plé ar an tionchar atá ag an 'domhandú' ar gheilleagar na hÉireann. Tabhair samplaí chun do fhreagra a léiriú.

(20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar phróiseas na reachtaíochta laistigh den Aontas Eorpach.

(20 marc)

**(C)** Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon **dá** cheann de na beartais seo a leanas de chuid an AE ar ghnóthais Éireannacha:

(i) An tAontas Airgeadaíochta Eorpach (EMU)
(ii) Beartas Iomaíochta an Aontais Eorpaigh
(iii) Cairt Shóisialta na hEorpa.

(20 marc)
**(60 marc)**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

**Ceist 4**

**(A)** Déan cur síos ar na feidhmeanna atá ag na cruinnithe éagsúla a bhíonn ag cuideachtaí teoranta. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le forbairtí sa teicneolaíocht do chumarsáid ghnó. (20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus bain úsáid as chun an cheist a leanann é a fhreagairt.

> Tairgeann 3 Thoise Teo. tuarastail iomaíocha dá gcuid fostaithe chomh maith le clár sochar a bhfuil árachas sláinte san áireamh ann. Tá siad tiomanta do thimpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil. Tionólann siad cruinnithe foirne go seachtainiúil agus mar thoradh air sin mothaíonn na hoibrithe gur mó an bhaint atá acu leis an gcuideachta. Tugann siad aitheantas don méid a bhaineann na hoibrithe amach agus cúitíonn siad sin leo. Tugann siad deiseanna don fhoireann scileanna nua a fhorbairt agus dúshláin nua a fhreagairt.

Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna éagsúla in ordlathas na riachtanas ag Maslow **agus** léirigh conas a chuireann 3 Thoise Teo. an teoiric sin i bhfeidhm chun a gcuid fostaithe a spreagadh. (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

**Ceist 5**

**(A)** Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas agus tabhair breac-chuntas ar na céimeanna sa phróiseas 'earcú agus roghnú':
(i) Earcú Seachtrach agus Inmheánach
(ii) Jabthuairisc agus Duineshonrú
(iii) Agallamh le haghaidh poist. (25 marc)

**(B)** Tógadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Lasair Teo. do 2013.

| **Lasair Teo.** | 2013 |
|---|---|
| | **€** |
| Scairchaipiteal Údaraithe | **900,000** |
| Scairchaipiteal Eisithe | **450,000** |
| Iasacht Fhadtéarmach | **200,000** |
| Tuilleamh Coimeádta | **150,000** |

(i) Mínigh an téarma 'Cóimheas Fiachais/Cothromais'.
(ii) Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais do 2013. **Taispeáin do chuid oibrithe**.
(iii) Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leis an gCóimheas Fiachais/Cothromais nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le foinsí nua airgeadais do Lasair Teo. (20 marc)

**(C)** Mínigh a bhfuil i gceist le bheith 'faoi thearc-árachas' **agus** tabhair breac-chuntas ar iarmhairt **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar ghnólacht. (15 mharc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht / Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Is dearthóir gúnaí pósta í Sorcha Pléimeann agus tá sí ag obair le breis agus 20 bliain i dtionscal na brídeoige agus na n-éadaí. Is speisialtóir í maidir le gúnaí pósta atá uathúil a chruthú agus leagann sí béim ar sheirbhís phearsanta. Tá an gnó ag déanamh go maith agus tá Sorcha tar éis iarratas a dhéanamh ar iasacht bhainc €10,000 chun leathnú an ghnó a mhaoiniú.

(i) Ainmnigh an cineál próiseas táirgeachta atá in úsáid ag Sorcha.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán do Shorcha a bhaineann leis an gcineál seo táirgeachta.
(iii) Déan plé ar **dhá** impleacht a bheadh ann do Shorcha dá n-athródh sí go dtí próiseas táirgeachta de chineál eile. (25 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a d'fhéadfadh banc Shorcha a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar a hiarratas ar iasacht. (15 mharc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'airgeadas gearrthéarma.'
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse d'airgeadas ghearrthréarma a d'fhéadfadh Sorcha a chur san áireamh chun a cuid riachtanas ó thaobh caipiteal oibre de a shásamh.
(20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Is fiontraí í Maria Ní Nuadhain agus is léi Bianna Ciallmhara Teo. Tá sé i gceist ag an gcuideachta nua seo réimse de tháirgí milseogra ar bheagán calraí a dhéanamh. Meallfar tomhaltóirí i dtús báire le tairiscintí speisialta. Ina theannta sin, beidh siad á lua go minic ar an raidió náisiúnta agus áitiúil. Thoiligh *Goodbuys,* sraith ollmhargaí mór le rá, na táirgí a stocáil, agus dáilfidh mórdhíoltóirí iad ar shiopaí beaga neamhspleácha.

Déan measúnú ar an ról atá ag fógraíocht **agus** ag tionscnamh (cur chun cinn) díolachán mar ghnéithe den mheascadh tionscnaimh atá ag Bianna Ciallmhara Teo.
(25 mharc)

**(B)** (i) Déan cur síos ar **dhá** thoisc ba chóir do Bhianna Ciallmhara Teo. a chur san áireamh agus iad ag roghnú bealach oiriúnach chun a gcuid táirgí a dháileadh.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar impleacht dhearfach **amháin** agus ar impleacht dhiúltach **amháin** do Bhianna Ciallmhara Teo. as sraith ollmhargaí mór le rá cosúil le *Goodbuys* a úsáid chun a gcuid táirgí a dhíol. (20 marc)

**(C)** Déan plé ar **thrí** dhúshlán a bhíonn roimh ghnólachtaí nuathionscanta. (15 mharc)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán